



An tOmbudsman Seirbhísí  
Airgeadais agus Pinsean

Financial Services and  
Pensions Ombudsman

# An Beartas Meán Sóisialta



Tugtar breac-chuntas sa bheartas seo ar an gcaoi a n-úsáideann an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (OSAP) na meáin shóisialta chun plé lena pháirtithe leasmhara agus ar an gcaoi a mbíimid i mbun cumarsáide ar na hardáin sin.

## A bhfuil romhat ar ár meáin shóisialta

A bhfuil romhat ar ár meáin shóisialta

Má leanann tú muid ar na meáin shóisialta, féadfaidh tú a bheith ag súil le físeáin agus postálacha a chumhdaíonn na nithe seo a leanas ar fad, nó cuid díobh, ar YouTube agus Facebook:

- Faisnéis a bhfuil d’aidhm léi feacht agus tuiscint a mhéadú ar ról agus feidhm an OSAP, agus a dhoimhniú an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha, físeáin agus bileoga eolais ina measc
- Preaseisiúintí
- Fógraí faoi fhoilseacháin nua lena n-áirítear Achoimrí ar Chinntí, an Forléargas Bliantúil ar Ghearáin agus ár dTuarascáil Bhliantúil
- Faisnéis faoi nuashonruithe ar ár mBunachar Sonraí Cinntí
- Comórtais earcaíochta san OSAP
- Postálacha a chomhroinntear ó úsáideoirí eile ar ábhar spéise iad dár leantóirí dar linn, go háirithe postálacha ó chomhlachtaí Rialtais

## Cuntais a leanúint, ‘is maith liom’ a thabhairt agus postálacha a chomhroinnt

Leanaimid cuntais agus leathanaigh ábhartha, cinn comhlachtaí Rialtais ina measc. Má leanann tú muid, ní leanfaimid ar ais thú go huathoibríoch. Ní thugann ‘is maith liom’ a chur ar ábhar, ná ábhar a chomhroinnt nó a leanúint, le fios go dtacaíonn an OSAP leis.

## Nótaí Tráchta agus Teachtaireachtaí Díreacha

Fáiltímid roimh aiseolas ar ár seirbhísí agus roimh cheisteanna a bhaineann lenár ról. Ach níl ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara ceaptha an leas a bhainimid as na meáin shóisialta a úsáid mar bhealach chun dul i dteagmháil leis an OSAP ná chun ceisteanna pearsanta nó preasa a chur faoinár mbráid. Ní mheastar gur ionann teachtaireacht a chur ar na meáin shóisialta agus dul i dteagmháil leis an OSAP go hoifigiúil. Tá ár sonraí teagmhála ar ár suíomh gréasáin agus ba cheart ceisteanna meán a sheoladh chuig [media@fspo.ie](mailto:media@fspo.ie). Ní ghlacfaidh an OSAP le teachtaireacht a chuirtear ar Facebook mar theagmháil oifigiúil leis an eagraíocht seo.

Díchumasaítear nótaí tráchta ar ár leathanaigh Facebook agus YouTube go hiondúil. Déantar amhlaidh mar gheall ar chomh híogair agus a bhíonn ár ngnó agus chun príobháideacht ár n-úsáideoirí seirbhísí a chosaint.

Ní ghlacfaidh an OSAP le gearáin a chuirtear faoina bhráid ar na meáin shóisialta. Ní ghlacfar le gearáin seachas

má dhéantar iad de réir na modhanna a phléitear in "[Making a complaint](#)" ar shuíomh gréasáin an OSAP.

## Modhnóireacht

Ní ghlacann an OSAP le freagracht as ábhar aon nóta tráchta a phostálann tríú páirtithe ar na hardáin meán sóisialta. Cé go ndíchumasaítear nótaí tráchta go hiondúil, scriosfaimid nótaí tráchta ina bhfuil, nó a nascann le:

- Teanga idirdhealaitheach, gháirsiúil, mhaslach, bhulaíochta, chlúmhilleach nó dhochrach faoi dhaoine nó eagraíochtaí
- Aon rud a dhíríonn go díúltach ar dhaoine nó grúpaí bunaithe ar chine, eitneacht, creideamh, inscne nó aon stádas cosanta eile faoi reachtaíocht chomhionannais na hÉireann
- Tráchtairacht nó díospóireacht pholaitiúil
- Faisnéis atá míchruinn ó thaobh na bhfíricí de, calaoiseach, cealgach nó míthreorach
- Faisnéis phríobháideach nó óna n-aithneofaí duine go pearsanta ar nós ainmneacha, seoltaí ríomhphoist, seoltaí, uimhreacha gutháin, uimhreacha PSP
- Uimhreacha tagartha gearán, ainmneacha soláthraithe atá bainteach le gearán linn, agus sonraí faoi ghearán a cuireadh faoi bhráid an OSAP
- Rud ar bith a sháraíonn cóipcheart nó cearta maoine intleachtúla duine eile

- Faisnéis nó naisc nach mbaineann le hábhar
- Bolscaireacht nó turscar tráchtála

## Uaireanta Oibre

Bainistíonn comhaltaí foirne a údaraíonn an OSAP ár suíomhanna meán sóisialta.

Déanann an OSAP nuashonrú agus monatóireacht ar ár gcuntais mheán sóisialta ó Luan go hAoine, i rith na ngnáthuaireanta oifige.

Ní ghlacann an OSAP le haon fhreagracht as easpa seirbhíse de bharr go bhfuil aon chuntas ar na hardáin meán sóisialta ar sos.

## Príobháideachas

Óstálann Facebook agus YouTube ár gcuntais mheán sóisialta. Tá a mbeartais príobháideachais siúd le fáil ar líne:

[Beartas príobháideachais Facebook](#)

[Beartas príobháideachais YouTube](#)

Caitear le haon fhaisnéis phríobháideach de réir an bheartais meán sóisialta seo agus [Bheartas Príobháideachais](#) an OSAP.

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí tar éis [treoir a chur i dtoll a chéile chun cabhrú leat do phríobháideachas a chosaint](#) ar na meáin shóisialta, agus seans go mbainfeá leas as an treoir sin.



An tOmbudsman Seirbhísí  
Airgeadais agus Pinsean  
Financial Services and  
Pensions Ombudsman

Teach Lincoln  
Pás Lincoln  
Baile Átha Cliath 2  
D02 VH29

**G** fspo.ie  
**R** info@fspo.ie  
**G** +353 1 567 7000